2024/2420

16.9.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2420 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Meán Fómhair 2024

maidir le maolú ar aitheantas frithpháirteach d'údarú ón Ungáir ar an táirge bithicídeach 'URAGAN D2' a bhfuil ciainíd hidrigine ann, i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 6413)

(Is é an téacs Ungáirise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 37(2)(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chuir an chuideachta Lučební závody Draslovka a.s. Kolín ('an t-iarratasóir') iarratas faoi bhráid na hUngáire an 29 Márta 2018 ar aitheantas frithpháirteach d'údarú arna dheonú ag an tSeicia i leith an táirge bhithicídigh URAGAN D2 a bhfuil an tsubstaint ghníomhach ciainíd hidrigine ann ('an táirge'). Cláraíodh an t-iarratas faoi chás-uimhir BC-JN038446-27 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha. D'údaraigh an tSeicia an táirge le húsáid go gairmiúil le haghaidh toitriú i gcineálacha limistéir sonracha in aghaidh ciaróga a thollann trí adhmad (cineál táirge 8), francach (cineál táirge 14) agus ciaróg, ciaróga rua agus leamhan (cineál táirge 18).

(2) Is é atá sa táirge meascán de thart ar 98 % de chainíd hidrigine agus de bhreiseáin chobhsaitheacha. Aicmítear ciainíd hidrigine i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) mar a leanas: Géarthoc. Catagóir 1, cóid ghuaise H300, H310 agus H330 (atá marfach má shlogtar í, má tá sí i dteagmháil leis an gcraiceann nó má ionanálaítear í) agus STOT RE 1, cód guaise H372 (a dhéanann damáiste don tíoróideach trí nochtadh fada agus ilnochtadh).

(3) Tar éis dó measúnú a dhéanamh ar an iarratas, tháinig údarás inniúil na hUngáire ar an gconclúid, maidir leis na coinníollacha uile a leagtar síos sa tuarascáil ar mheasúnú táirge agus san achoimre ar shaintréithe táirgí bithicídeacha an táirge, nárbh fhéidir iad a chomhlíonadh san Ungáir. Mar a léirítear sa tuarascáil ar mheasúnú táirge, ní mór d'oibreoirí a dhéanann an toitriú bosca garchabhrach a bheith acu a bhfuil frithnimh ann, i measc nithe eile. San Ungáir, mar sin féin, ní raibh na frithnimheanna a liostaítear sa tuarascáil sin ar fáil d'úsáideoirí an táirge. Ós rud é nach mbeadh an fhrithnimh ar fáil lena tabhairt d'íospartaigh fhéideartha nimhithe láithreach san áit a ndéantar an toitriú, d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige sin ar shláinte na n-íospartach féideartha nimhithe nó d'fhéadfaidís bás a fháil dá dheasca sin.

(4) An 9 Deireadh Fómhair 2018 chuir údarás inniúil na hUngáire in iúl don iarratasóir go raibh sé ar intinn aige diúltú údarú an táirge a dheonú, ar fhorais sláinte agus beatha daoine a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 37(1), pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ós rud é nárbh fhéidir infhaighteacht na frithnimhe a iarradh a áirithiú san Ungáir. Sa fhreagra uaidh an 11 Deireadh Fómhair 2018 chuir an t-iarratasóir in iúl nár aontaigh sé lena raibh ar intinn ag údarás inniúil na hUngáire agus chuir sé réiteach i láthair maidir le soláthar frithnimhe in éineacht leis an táirge atá le tabhairt ag dochtúir ag an suíomh toitrithe. Rinne údarás inniúil na hUngáire idirchaidreamh le hInstitiúid Náisiúnta Cógaisíochta agus Cothaithe na hUngáire ('an Institiúid') chun an réiteach atá beartaithe a imscrúdú agus chuir sé an t-iarratasóir ar an eolas ansin an 16 Deireadh Fómhair 2018 faoi bhaic theicniúla agus dhlíthiúla ar an réiteach sin.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/oj).

(5) An 6 Samhain 2018 chuir údarás inniúil na hUngáire in iúl don iarratasóir go gcuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas nach raibh an Ungáir in ann teacht ar chomhaontú leis an iarratasóir, ach amháin i gcás inar thángthas ar chomhaontú leis faoin 7 Nollaig 2018, i gcomhréir le hAirteagal 37(2), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Tar éis fhreagra an iarratasóra an 7 Nollaig 2018 agus ós rud é nár léir an tráth sin an bhféadfadh frithnimh a bheith ar fáil san Ungáir, chinn údarás inniúil na hUngáire seoladh na faisnéise chuig an gCoimisiún a chur siar agus leanúint de phlé a dhéanamh leis an Institiúid ar na féidearthachtaí a bhí ann don iarratasóir frithnimh a sholáthar san Ungáir.

(6) An 9 Lúnasa 2019 chuir údarás inniúil na hUngáire in iúl don iarratasóir nach mór d'allmhaireoir féideartha na bhfrithnimheanna nós imeachta sonrach a thionscnamh san Institiúid chun frithnimheanna a allmhairiú san Ungáir. D'iarr sé freisin ar an iarratasóir cruthúnas a chur isteach, faoin 20 Nollaig 2019, ar infhaighteacht na bhfrithnimheanna uile a luaitear sa tuarascáil ar mheasúnú táirge nó, mura bhféadfadh an t-iarratasóir an sprioc-am sin a chomhlíonadh, míniú ar na cúiseanna nár comhlíonadh an sprioc-am a chur isteach.

(7) An 20 Lúnasa 2019, arna iarraidh sin don iarratasóir, shoiléirigh údarás inniúil Phoblacht na Seice nach gá gach frithnimh a liostaítear sa tuarascáil ar mheasúnú táirge a bheith ar fáil agus gur leor infhaighteacht aon cheann de na frithnimheanna chun na ceanglais a leagtar síos maidir le deonú an údaraithe a chomhlíonadh. D'aithin údarás inniúil na hUngáire an soiléiriú sin.

(8) An 18 Nollaig 2019 chuir an t-iarratasóir in iúl d'údarás inniúil na hUngáire gur theip ar a iarrachtaí uile aon cheann de na frithnimheanna a chur ar fáil san Ungáir. I bhfianaise nach raibh aon chumarsáid leantach ann láithreach ó údarás inniúil na hUngáire leis an iarratasóir, nuair a bhí paindéim COVID-19 buailte linn, d'iarr an t-iarratasóir tuairisc cothrom le dáta ar stádas an nós imeachta an 18 Meitheamh 2020. Níor thug údarás inniúil na hUngáire aon fhreagra air sin. Mar sin féin, de réir na faisnéise a sholáthair údarás inniúil na hUngáire, faoin dáta sin níor éirigh leis an iarratasóir fós na coinníollacha uile a leagtar síos sa tuarascáil ar mheasúnú táirge a chomhlíonadh san Ungáir.

(9) Chuaigh údarás inniúil na hUngáire i dteagmháil arís leis an Institiúid chun imscrúdú breise a dhéanamh ar cé acu a d'fhéadfadh aon cheann de na frithnimheanna a liostaítear sa tuarascáil ar mheasúnú táirge a bheith ar fáil ar an suíomh toitrithe nó nach bhféadfadh. Shoiléirigh an Institiúid nach bhféadfaí ach dhá cheann de na frithnimheanna sin a allmhairiú chuig an Ungáir, agus nach bhféadfaí iad a allmhairiú ach amháin má tá iarraidh aonair ar allmhairí in éineacht leo. Shoiléirigh an Institiúid freisin nach bhféadfadh aon cheann de na frithnimheanna sin a bheith ar fáil ag an suíomh toitrithe, ós rud é nach bhféadfaí iad a stóráil ach amháin i gcógaslanna ospidéil.

(10) An 3 Iúil 2023 chuir údarás inniúil na hUngáire in iúl don iarratasóir go mbaineann rioscaí do-ghlactha d'úsáideoirí le húsáid an táirge agus leag sé síos sprioc-am 60 lá don iarratasóir chun aon fhaisnéis nua a sholáthar a d'fhéadfadh úsáid shábháilte an táirge a áirithiú nó chun an t-iarratas ar údarú a tharraingt siar, dá n-athródh sé a intinn maidir le haitheantas frithpháirteach an údaraithe san Ungáir.

(11) Sa fhreagra ón iarratasóir an 21 Iúil 2023 níor tugadh aghaidh ar iarrataí údarás inniúil na hUngáire.

(12) Chuaigh údarás inniúil na hUngáire i dteagmháil arís leis an iarratasóir an 9 Deireadh Fómhair 2023 agus d'iarr sé air a intinn maidir leis an iarratas ar aitheantas frithpháirteach a dheimhniú trí sceideal réasúnta a sholáthar chun infhaighteacht frithnimhithe a áirithiú ag na suíomhanna toitrithe san Ungáir, nó tríd an iarratas a tharraingt siar. Níor glacadh ceachtar de na gníomhaíochtaí a iarradh laistigh den sprioc-am a shonraigh údarás inniúil na hUngáire. Dá bhrí sin, an 25 Deireadh Fómhair 2023, chuir údarás inniúil na hUngáire an Coimisiún ar an eolas maidir leis an easaontas leanúnach, i gcomhréir le hAirteagal 37(2), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(13) Ón réasúnú a chuir údarás inniúil na hUngáire ar aghaidh, fágann sé nach féidir roinnt rioscaí a eascraíonn as airíonna ceimiceacha agus fisiceacha na substainte gníomhaí sa táirge a bhainistiú ar bhealach sásúil san Ungáir. Baineann na rioscaí sin leis an easpa modhanna éifeachtacha atá ar fáil chun cóireáil láithreach a sholáthar i gcás nimhiú de thaisme le linn an táirge a thabhairt. Go deimhin, frithnimheanna le haghaidh ciainíd hidrigine, ar cheart iad a bheith ag na hoibreoirí agus iad ag déanamh na hoibríochta toitrithe, níl siad ar fáil san Ungáir. Thairis sin, fiú amháin dá mbeidís ar fáil san Ungáir, ní fhéadfaí na frithnimheanna sin a stóráil ach amháin i gcógaslanna ospidéil agus ní fhéadfaí iad a thabhairt láithreach d'íospartaigh fhéideartha nimhithe san áit a ndéantar an toitriú. Dá bhrí sin, dá nochtfaí oibreoirí de thaisme don táirge, is rud é sin a bhféadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar shláinte na n-íospartach féideartha nimhithe nó a bheith ina chúis lena mbás.

(14) Ina theannta sin, agus scrúdú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an maolú atá beartaithe, tugann an Coimisiún dá aire, maidir le táirgí toitrithe eile a bhfuil substaintí gníomhacha eile iontu, cé is moite de chiainíd hidrigine (mar shampla foisfíd alúmanaim lena scaoiltear foisfín), údaraítear iad faoi láthair lena n-úsáid ar mhargadh na hUngáire. I gcás gach ceann de na táirgí sin, ní cheanglaítear san achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh go mbeidh frithnimheanna ag na hoibreoirí.

(15) Tar éis dó anailís a dhéanamh ar an mbonn cirt a chuir údarás inniúil na hUngáire ar aghaidh, measann an Coimisiún, de bharr airíonna guaiseacha na substainte gníomhaí ciainíd hidrigine agus de bharr na ndeacrachtaí maidir le rioscaí sláinte a bhaineann le húsáid an táirge san Ungáir a bhainistiú, an maolú ar aitheantas frithpháirteach a mhol údarás inniúil na hUngáire, is é sin an diúltú atá beartaithe údarú a dheonú, tá bonn cirt leis ar fhorais a bhaineann le cosaint sláinte agus beatha an duine, i gcomhréir le hAirteagal 37(1), pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. An maolú ar aitheantas frithpháirteach a mhol an Ungáir, is é sin an diúltú údarú a dheonú le haghaidh an táirge bhithicídigh dá dtagraítear i mír 2, tá bonn cirt leis ar fhorais a bhaineann le cosaint sláinte agus beatha an duine, mar a thagraítear dó in Airteagal 37(1), pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

2. Tá feidhm ag mír 1 maidir leis an táirge bithicídeach a shainaithnítear leis an gcásuimhir seo a leanas, dá bhforáiltear leis an gClár do Tháirgí Bithicídeacha:

BC-JN038446-27.

Airteagal 2

Is chuig an Ungáir a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún